Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Fón: 8902799

Faics: 8700044

V.R. 20095C

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie ***Ríomhphost:oifig@gsbb.ie***

12-02-18

A thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,

Comhghairdeas le daltaí rang 6 a bhí i láthair do Sheirbhís an tSolais i Séipéal Naomh Crónán Dé Luain seo caite. Bhí siad ar fheabhas. Beidh siad ag ceiliúradh Sacraimint an Chóineartaithe ar an Mháirt, an 13-02-18, ag 11.00rn i Seipéal Naomh Crónán. Go n-éirí go geal leo. Beidh Rang 4&5 ag canadh sa chór don Chóineartú ar an lá sin. Beidh siad ag taisteal ann ar bhus.
Well done to the sixth class pupils who took part in the Ceremony of Light in St. Cronan's Church last Monday. They were excellent. The same pupils will celebrate the Sacrament of Confirmation next Tuesday, the 13-02-18, at 11.00am in St. Cronan's Church. We wish them the very best. Rang 4&5 will provide the choir for the Confirmation that day. They will travel to and from the service by bus.

Meabhraítear do thuismitheoirí go mbeidh an scoil ag dúnadh ag 12.00 meán lae ar an gCéadaoin, an 14-02-18, le haghaidh traenáil inseirbhíse don fhoireann ar chosaint leanaí. Beidh na busanna ar fáil ag an am sin ach iarrtar ar thuistí a chur in iúl don scoil má bhíonn páistí ó na ranganna naíonáin ag taisteal abhaile ar an mbus an lá sin.
Parents are reminded that children will be going home at 12.00 on Wednesday due to inservice training for staff in relation to child protection. Buses will be available at that time but parents are asked to let the school know if children from infant classes will be using the bus to go home on that day.

Snámh fós ar siúl – ***Swimming will continue as normal.*****Scoil dúnta Déardaoin & Aoine/**

Comghairdeas leis na páistí go léir a tháinig ar rothair ar scoil an mhí seo, mí na rothaíochta. Ná déanaigí dearmad ar chloigead a chaitheamh. Meabhraítear daoibh siúl amach le do rothair agus tuirlingt den rothair lasmuigh den champas ar do bhealach isteach mar gur do choisithe amháin an cosán sa champas!
Well done to all the children who are cycling to school this month and make sure to keep it up. Don't forget your cycling helmet. Please remember to walk as far as cycle lane outside the campus and to dismount before entering the campus as this is a pedestrian path only!

Chun cabhrú le páistí sa scoil bheith níos aclaí, tá na ranganna ag rith 'Timpeall na hEorpa'. Ritheann gach rang timpeall ar an gclós chomh minic agus is féidir agus suimítear an fad leis an ranganna eile gach lá. Táimid chomh fada le 2,571 km cheana féin.
To help improve children's fitness, each class is being encouraged to run 'Around Europe'. Each class distance is recorded daily and added together to see how far they have travelled through Europe. So far they have run 2,571km.

Le meas,

Séamus Seaghach (Príomhoide)